
# AN BHFUIL CEANTAIR ÁIRITHE IN ÉIRINN **I MBAOL NÍOS MÓ Ó RADÓN NÁ CEANTAIR EILE?**

Is mó seans go mbeidh fadhb radóin ag tithe i gceantair áirithe in Éirinn. Is éard is Limistéir Ardradóin ann ná limistéir ina bhfuiltear tuartha go mbeidh tiúchana radóin os cionn an leibhéil tagartha (200 Bq/m$^3$) ag 10% nó níos mó de na tithe. Léireoidh léarscáil riosca radóin an GCC duit má tá do theach i limistéar ardradóin (má tá sé léirithe i ndath dearg). Fiú mura bhfuil do theach i limistéar ardradóin, d’fhéadfadh go mbeadh leibhéal ard radóin ann fós.




**EOCHAIR**

- Is dócha go mbeidh leibhéil arda radóin ag thart ar 1 as 5 theach sa cheantar.
- Is dócha go mbeidh leibhéil arda radóin ag thart ar 1 as 10 dteach sa cheantar.
- Is dócha go mbeidh leibhéil arda radóin ag thart ar 1 as 20 teach sa cheantar.

# CONAS IS FÉIDIR LIOM **LEIBHÉIL RADÓIN A LAGHDÚ I MO THEACH?**

Is féidir fadhbanna radóin i dteach a réiteach go héasca, gan chostas, agus, de ghnáth, gan cur isteach ar an teaghlach. Cabhróidh ár leabhrán **Understanding Radon Remediation – A Householder’s Guide** leat níos mó a fhoghlaim faoi na réitigh atá ar fáil, agus na bealaí is fearr chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

Soláthraíonn an GCC liosta de na comhlachtaí feabhsúcháin cláraithe ar féidir leo comhairle a thabhairt duit faoin réiteach is oiriúnaí do do theach.

Tá treoir theicniúil maidir le teicnící feabhsúcháin radóin ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina leabhrán, **Radon in Existing Buildings – Corrective Options**.

NRCS
National Radon Control Strategy
Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin

# CAD ATÁ Á DHÉANAMH **MAIDIR LE NEAMHCHOSAINT Ó RADÓN?**

Is é gás radóin an phríomhchúis le hailse scamhóg i ndiaidh caitheamh tobac, agus cuirtear ina leith go bhfuil dlúthbhaint go díreach aige le 350 cás ailse scamhóg in Éirinn gach bliain. Is ceist thromchúiseach sláinte phoiblí í, agus tá Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin ag an Rialtas chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Is féidir leat tuilleadh eolais a léamh faoin obair atá á déanamh ag an Rialtas chun an daonra a chosaint ó radón ar ár suíomh gréasáin **www.radon.ie**

epa
Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# ÁR **MISEAN**

**IS É AN CUSPÓIR ATÁ AGAINN NÁ ÁR DTIMPEALLACHT A CHOSAINT, A FHEABHSÚ AGUS A ATHCHÓIRIÚ T RIALÁIL, TRÍ EOLAS EOLAÍOCH, AGU TRÍ OIBRIÚ LE DAOINE EILE, AG AN AM CÉANNA LE SAOL INBHUANAITHE A CHAITHEAMH I DTIMPEALLACHT SHLÁINTIÚIL A BHFUIL MEAS AG GACH DUINE UIRTHI AGUS A CHOSNAÍONN GACH DUINE.**

*DÉAN AN CÓD MF A SCANADH CHUN TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL*

**Le haghaidh tuilleadh eolais agus comhairle faoi radón, déan teagmháil leis an GCC:**

ríomhphost: **radon@epa.ie**
suíomh gréasáin: **www.radon.ie**
saorghlao: **1800 300 600**




# MONATÓIR DIGITEACH RADÓIN A FHÁIL AR IASACHT Ó DO LEABHARLANN

epa
Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

hi Healthy Ireland
i Do Leabharlann

# CAD IS **RADÓN** ANN?

Is gás radaighníomhach é radón a fhoirmítear sa talamh, trí mheath radaighníomhach úráiniam atá i láthair i gcainníochtaí beaga i ngach carraig agus ithir. Ní féidir leat é a fheiceáil, a bholadh ná a bhlaiseadh, agus ní féidir é a thomhas ach le brathadóirí speisialta.


# CÉN FÁTH A BHFUIL RADÓN **DÍOBHÁLACH?**

Is féidir le radón a bheith ina chúis le hailse scamhóg, agus tá sé sa ghrúpa céanna de charcanaiginí agus aispeist agus deatach tobac. San aer, meathann radón go tapa chun cáithníní radaighníomhacha a ghiniúint. Nuair a dhéantar iad a ionanálú, déantar na cáithníní seo a thaisceadh sna haerbhealaí agus ar an bhfíochán scamhóg chun dáileog radaíochta a thabhairt is cúis le hailse scamhóg. Níl baint ag radón le cineálacha eile tinnis riospráide nó cineálacha eile ailse.

# CAD IAD NA **RIOSCAÍ A BHAINEANN LE RADÓN?**

Is féidir timpeall 350 cás ailse scamhóg in Éirinn gach bliain a nascadh le radón. Díobh seo, beidh os cionn 90% ina gcaiteoirí tobac agus ina n-iarchaiteoirí tobac. Tá an riosca ó radón 25 uaire níos airde i gcás daoine a chaitheann tobac ná mar atá sé do dhaoine nach gcaitheann tobac ar feadh an tsaoil, a nochtar don mhéid céanna radóin. Tá sé seo sa bhreis ar an riosca ailse scamhóg mar gheall ar chaitheamh tobac é féin. Fanann iar-chaiteoirí tobac i mbaol méadaithe ó radón ar feadh roinnt blianta tar éis dóibh éirí as tobac.

**TÁ RADÓN AR CHEANN DE NA PRÍOMHCHÚISEANNA LE HAILSE SCAMHÓG.**
**IS É CAITHEAMH TOBAC AN CHÚIS IS MÓ.**





# CATHAIN IS FÉIDIR LE **RADÓN A BHEITH INA FHADHB?**

Déantar radón a thomhas i mbeiciréil in aghaidh an mhéadair chiúbaigh aeir (Bq/m³). Is aonad radaighníomhaíochta é an beicireil, agus comhfhreagraíonn sé do dhíscaoileadh radaighníomhach amháin in aghaidh an tsoicind. Is é 200 Bq/m³ an leibhéal tagartha (nó an leibhéal inghlactha) do radón i dtithe. Má tá an leibhéal radóin i do theach os cionn 200 Bq/m³, ba chóir duit obair fheabhsúcháin a dhéanamh chun an leibhéal seo a laghdú.

# CONAS A **THÉANN RADÓN ISTEACH I DTITHE?**

Toisc gur gás é, is féidir le radón gluaiseacht tríd an ithir, rud a ligeann dó dul isteach i bhfoirgnimh – go príomha trí scoilteanna sna hurláir nó trí bhearnaí timpeall ar phíopaí nó cáblaí. Laistigh, féadann radón ardú go leibhéil dhíobhálacha. Mar sin féin, taobh amuigh caolaítear é go tapa chuig leibhéil an-íseal. Is féidir méideanna beaga radóin a theacht ó ábhair thógála nó soláthairtí uisce freisin, ach is é an talamh ar a bhfuil do theach tógtha an phríomhfhoinse do radón.




1 CUASA SNA BALLAÍ
2 SCOILTEANNA IN URLÁIR SHOLADACHA
3 AILT TÓGÁLA
4 SCOILTEANNA I MBALLAÍ FAOI BHUN LEIBHÉAL NA TALÚN
5 BEARNAÍ SNA HURLÁIR CHROCHTA
6 SCOILTEANNA I MBALLAÍ
7 BEARNAÍ THART AR PHÍOPAÍ SEIRBHÍSE

*GNÁTHBHEALAÍ IONTRÁLA ISTEACH IN ÁIT CHÓNAITHE*

# CÉN ÚSÁID IS FÉIDIR LIOM **A FHÁIL DO MHONATÓIR DIGITEACH?**

Is féidir monatóir digiteach a úsáid chun leibhéal radóin i do theach a thabhairt le fios.

Má fhaigheann tú monatóir digiteach ó do leabharlann, gheobhaidh tú léargas tapa ar do leibhéil radóin.

**Ní hIONANN é léamh ó mhonatóir digiteach agus tástáil trí mhí.**
Má rinne tú obair i do theach chun leibhéil radóin a laghdú, b'fhéidir gur mhaith leat monatóir a fháil ar iasacht lena chinntiú gur éirigh leis an obair fheabhsúcháin. Is féidir monatóir digiteach a úsáid le seiceáil an bhfuil do leibhéil radóin fós íseal tar éis obair fheabhsúcháin a dhéanamh.

# MAR SIN, CONAS IS FÉIDIR LIOM **MO THEACH A THÁSTÁIL?**

Chun do theach a thástáil, is féidir leat trealamh tástála radóin a cheannach go díreach ó cheann de na comhlachtaí tástála radóin atá cláraithe ag an GCC. Cosnaíonn sé seo thart ar €50. Is dioscaí beaga, cruinn, plaisteacha iad brathadóirí radóin thart ar mhéid bos do láimhe. Cuireann tú ceann sa seomra suí agus ceann sa phríomhsheomra leapa agus fágtar iad ar feadh trí mhí.

Athraíonn tiúchan radóin ó lá go lá, ag brath ar athruithe ar an aimsir, agus ar an mbealach a aerálann tú do theach. Ar na cúiseanna seo, tá tástáil trí mhí ag teastáil chun toradh beacht radóin a fháil.

Tar éis trí mhí, cuirtear na brathadóirí ar ais chuig an gcomhlacht tástála le haghaidh anailíse. Gheobhaidh tú tuairisc tástála le do chuid torthaí.




# CONAS IS FÉIDIR LIOM **MONATÓIR RADÓIN DIGITEACH A FHÁIL AR IASACHT Ó MO LEABHARLANN?**

Féadfaidh tú monatóir a fháil ar iasacht ar feadh 3 seachtaine, ar an mbealach céanna agus a bhfaighfeá leabhar ar iasacht. Ina dhiaidh sin, cuireann tú an monatóir ar ais chuig an leabharlann chun go bhfaighidh an chéad duine eile é ar iasacht. Tá an monatóir digiteach ar iasacht iniompartha agus an-éasca le húsáid. Is gléas ríomhaire láimhe é a oibrítear le cadhnraí le scáileán taispeána atá éasca le léamh.

Má tá monatóir digiteach á úsáid agat den chéad uair i do theach, tá sé tábhachtach cuimhneamh ***gur léamha táscach iad, agus nach bhfuil siad in ionad na tástála trí mhí.***

